2025/1015

27.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1015 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Bealtaine 2025

maidir le bearta éigeandála sealadacha don Spáinn lena maolaítear ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún, chun fadhbanna sonracha in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a réiteach, fadhbanna arb iad teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha is cúis leo

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 221(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bharr teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha a tharla i réigiún Valencia sa Spáinn i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2024, rinneadh damáiste mór do tháirgeadh torthaí agus glasraí, d'acmhainneacht táirgthe agus do bhonneagair eagraíochtaí táirgeoirí, rud a chruthaigh ní hamháin caillteanais ollmhóra i ndáil le buaint 2024 ach rud a mheastar freisin a mbeidh drochthionchar aige ar an earnáil sna blianta amach romhainn. Tharla na maidhmeanna tuile tubaisteacha agus le báisteach throm mar thoradh ar lagrach mór-airde scoite, rud a chuir isteach go mór ar úlloird atá suite sa réigiúin sin nó a scrios iad fiú. Is é EUR 644,6 milliún na caillteanais mheasta a d'eascair as damáiste a rinneadh ar bhuaint 2024 a tharla de bharr na maidhmeanna tuile tubaisteacha agus na báistí troime. Rinneadh leibhéal an-ard damáiste ar roinnt táirgí e.g. is é EUR 49,3 milliún na caillteanais mheasta a d'eascair as damáiste a rinneadh ar earnálacha na halmóinne agus an chnó coill, agus meastar go mbeidh caillteanais táirgthe os cionn 30 % ann i gcás almóinní agus caillteanais táirgthe 50 % fiú i gcás cnónna coill in 2024. Thairis sin, beidh iarmhairtí diúltacha ar na limistéir is mó a ndéantar difear dóibh le brath tar éis tháirgeadh na bliana sin, ós rud é go bhfuil damáistí do chrainn agus struchtúir bhuana na n-úllord mar aon le scrios innealra, léibheann agus córas uisciúcháin san áireamh iontu. Beidh tionchar ag na damáistí sin ar acmhainneacht táirgeachta na limistéar sin amach anseo.

(2) Go leor de na táirgeoirí torthaí agus glasraí a bhfuil tionchar mór ag teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 orthu, is comhaltaí iad d'eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta a chuireann cláir oibríochtúla chun feidhme. Ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2024 ann, tá deacrachtaí ag na heagraíochtaí táirgeoirí sin agus ag a gcomhaltaí táirgeoirí a ngealltanais le híoc le haghaidh chláir 2024 a chomhlíonadh agus glacadh le hoibleagáidí faoi na cláir do 2025. Dá bhrí sin, is féidir nach gcuirfear roinnt de na gníomhaíochtaí agus bearta formheasta chun feidhme agus dá bhrí sin is féidir nach gcaithfear cuid de na cistí oibríochtúla, agus d'fhéadfadh gníomhaíochtaí agus bearta a dhéanann eagraíochtaí táirgeoirí chun an cás géarchéime a bhainistiú a bheith fós neamh-incháilithe le haghaidh maoiniú ón Aontas. Sa chomhthéacs sin, is gá gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an staid trí roinnt solúbthachta a cheadú i gcur chun feidhme clár oibríochtúil, a leanann de bheith ag oibriú faoi na coinníollacha is infheidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i gcomhréir le hAirteagal 5(6), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Leis an solúbthacht sin chuirfí ar chumas na n-eagraíochtaí táirgeoirí a n-acmhainní laistigh de na cistí oibríochtúla a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí agus bearta spriocdhírithe go beacht agus an maoiniú ón Aontas a atreorú go héifeachtach laistigh de na cistí sin trí mhaolú ach a mhéid a bhfuil fíorghá leis ar fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2117/oj).

(3) De bhun Airteagal 33(3), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, mar chuid dá gcláir oibríochtúla formheasta, bearta coiscthe agus géarchéime a chur chun feidhme in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí. Is é is aidhm leis na bearta sin a n-athléimneacht sna cásanna sin a mhéadú agus cuidiú le géarchéim a bhainistiú. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 33(3), an ceathrú fomhír, den Rialachán sin, ní chuimseoidh na bearta sin chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú níos mó ná aon trian den chaiteachas faoin gclár oibríochtúil chun róchaitheamh cistí faoi chláir oibríochtúla le haghaidh maoiniú beart bainistithe géarchéime amháin a sheachaint. Mar sin féin, i bhfianaise iarmhairtí tromchúiseacha theagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 agus leibhéal ard an scriosta a chruthaigh siad in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, is gá níos mó solúbthachta a sholáthar do na heagraíochtaí táirgeoirí a ndéantar difear dóibh agus is gá é a chur ar a gcumas na hacmhainní a dhíriú faoi chláir oibríochtúla maidir le bearta bainistithe géarchéime lena dtugtar aghaidh ar iarmhairtí na dteagmhas sin. Dá bhrí sin, an riail a leagtar síos in Airteagal 33(3), an ceathrú fomhír, den Rialachán sin, níor cheart feidhm a bheith aici maidir le cláir oibríochtúla a íoctar nó a chuirtear chun feidhme in 2025.

(4) Thairis sin, ní mór d'eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta a bheith in ann cistí a atreorú, lena n-áirítear cúnamh airgeadais ón Aontas laistigh dá gciste oibríochtúil comhfhreagrach, chuig na gníomhaíochtaí agus na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí theagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024. Chun a áirithiú gur féidir le heagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus le comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta é sin a dhéanamh, is gá, gan dochar d'Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, in 2024 agus 2025 an teorainn ar chúnamh airgeadais ón Aontas a leagtar síos in Airteagal 34(1) den Rialachán sin a mhéadú ó 50 % go 70 % den chaiteachas iarbhír arna thabhú.

(5) Ina theannta sin, de bharr theagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024, tháinig eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí ar dheacrachtaí eisceachtúla maidir le cláir oibríochtúla a phleanáil, a bhainistiú agus a chur chun feidhme sna limistéir a ndéantar difear dóibh. Dá bharr sin, d'fhéadfadh moill a bheith ar chur chun feidhme na gclár oibríochtúil sin agus, dá thoradh sin, d'fhéadfadh sé nach gcomhlíonfadh eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí na ceanglais a leagtar síos le haghaidh na gclár sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún ([3]), a leanann de bheith i bhfeidhm maidir le cláir oibríochtúla a chuirtear chun feidhme faoi na coinníollacha is infheidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i gcomhréir le hAirteagal 5(6), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2117 agus Airteagal 1, an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2528 ón gCoimisiún ([4]). I bhfianaise chineál gan fasach theagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024, is gá na deacrachtaí sin a laghdú trí mhaolú a dhéanamh ar fhorálacha áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891.

(6) Tá eagraíochtaí táirgeoirí an-leochaileach don chur isteach agus don suaitheadh atá ann de bharr na dteagmhas meitéareolaíoch díobhálach tromchúiseach agus tá deacrachtaí airgeadais agus fadhbanna sreafa airgid acu mar gheall ar laghdú nó scriosadh a dtáirgthe. Tá tionchar díreach aige sin ar a gcobhsaíocht airgeadais agus ar a gcumas cláir oibríochtúla a chur chun feidhme, ní hamháin in 2024 ach sna blianta ina dhiaidh sin freisin, toisc go mbíonn tionchar ag luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh 2024 ar ríomh cúnaimh airgeadais ón Aontas le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin. Tá tionchar breise aige sin ar chumas na n-eagraíochtaí táirgeoirí bearta agus gníomhaíochtaí a thabhairt isteach lena ndírítear ar éifeachtaí na dteagmhas meitéareolaíoch díobhálach tromchúiseach. Ina theannta sin, leis an laghdú ar luach an táirgthe mhargaithe de bharr theagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024, cuirtear isteach ar leanúnachas agus ar inmharthanacht chláir oibríochtúla na n-eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/891/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2528 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 agus lena n-aisghairtear Rialacháin Tharmligthe (AE) Uimh. 611/2014, (AE) 2015/1366 agus (AE) 2016/1149 is infheidhme maidir le scéimeanna cabhrach in earnálacha talmhaíochta áirithe (IO L 328, 22.12.2022, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2528/oj).

(7) Chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí theagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024, agus a dtionchar ar luach na dtáirgí a dhíoltar, ba cheart eagraíochtaí táirgeoirí a dhíolmhú in 2025 ón gceanglas a leagtar síos in Airteagal 11(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, nach mór luach eacnamaíoch na dtáirgí a dhíoltar ó tháirgeoirí nach comhaltaí den eagraíocht táirgeoirí ná den chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí iad a bheith faoi bhun luach an táirgthe mhargaithe de chuid na heagraíochta táirgeoirí nó an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí.

(8) Caillteanais luach an táirgthe mhargaithe in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a bhfuil teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 ina gcúis leo, beidh tionchar an-mhór ag na caillteanais sin ar méid an chúnaimh ón Aontas a fhaigheann na heagraíochtaí táirgeoirí an bhliain ina dhiaidh sin, arae ríomhtar méid an chúnaimh ón Aontas mar chéatadán de luach an táirgthe mhargaithe atá ag gach eagraíocht táirgeoirí ar leith. Má tháinig laghdú mór ar luach an táirgthe mhargaithe de bharr theagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024, d'fhéadfadh eagraíochtaí táirgeoirí a n-aitheantas mar eagraíochtaí táirgeoirí a chailleadh, arae ar cheann de na critéir um aitheantas a fháil tá an critéar nach mór íosluach áirithe táirgthe margaithe a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta. Tá cobhsaíocht fhadtéarmach na n-eagraíochtaí táirgeoirí i mbaol dá bharr. Dá bhrí sin, má tháinig laghdú 35 % ar a laghad ar luach táirge in 2024 nó in 2025 de bharr theagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024, agus má bhí na cúiseanna leis sin lasmuigh d'fhreagracht agus rialú eagraíochtaí táirgeoirí, ba cheart luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh 2025 a bhunú mar 100 % de luach an táirgthe mhargaithe do mheán na gcúig thréimhse tagartha 12 mhí roimhe sin, cé is moite de na luachanna is ísle agus is airde. Go deimhin, ní leor an tairseach 65 % de luach an táirgthe mhargaithe sa tréimhse roimhe sin, a leagtar síos in Airteagal 23(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, chun cobhsaíocht eacnamaíoch agus airgeadais a bhaint amach i bhfianaise mhéid chaillteanas luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh na n-eagraíochtaí táirgeoirí a ndéanann teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh.

(9) Eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a ndéanann teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh, ba cheart iad a dhíolmhú ón oibleagáid céatadáin uasta an chiste oibríochtúil atá le caitheamh ar aon bheart aonair nó ar aon chineál gníomhaíochta aonair a chomhlíonadh, mar a leagtar amach sa straitéis náisiúnta a bhunaigh an Spáinn de bhun Airteagal 27 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891. Is é is aidhm leis an maolú sin níos mó solúbthachta a áirithiú do na heagraíochtaí táirgeoirí lena mbaineann trí chead a thabhairt dóibh na hacmhainní atá ar fáil laistigh den chiste oibríochtúil a atreorú chuig na bearta sin a mheastar a bheith is éifeachtúla chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na dteagmhas meitéareolaíoch díobhálach tromchúiseach sin.

(10) Ba cheart an Spáinn agus na heagraíochtaí táirgeoirí lena mbaineann a dhíolmhú freisin in 2025 ó na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 34(1) agus in Airteagal 34(2), an chéad fhomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, i ndáil le tíolacadh agus formheas na leasuithe ar chláir oibríochtúla.

(11) Thairis sin, eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a ndéanann teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh, ba cheart go bhféadfaidh siad a gcláir oibríochtúla a leasú in 2025 chun méid an chiste oibríochtúil a mhéadú nó a laghdú gan údarú a fháil roimh ré ón mBallstát agus thar an gcéatadán uasta a leagtar síos in Airteagal 34(2), an dara fomhír, pointe (c), de Rialachán tarmligthe (AE) 2017/891 nó thar aon chéatadán eile a shocraigh an Ballstát. Chuirfeadh sé sin ar chumas na n-eagraíochtaí táirgeoirí agus na gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí na cistí oibríochtúla a bhí beartaithe ar dtús a choigeartú ar an mbealach is éifeachtúla, rud a chomhfhreagródh dá riachtanais iarbhír.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 36(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, má scoireann eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí dá chlár oibríochtúil a chur chun feidhme roimh dheireadh a ré sceidealaithe, níl aon íocaíocht eile le déanamh leis an eagraíocht ná leis an gcomhlachas sin i leith gníomhaíochtaí a chuirfear chun feidhme tar éis dháta scoir an chláir oibríochtúil sin. Chun cobhsaíocht airgeadais na n-eagraíochtaí táirgeoirí a áirithiú, níor cheart cabhair a fuarthas le haghaidh gníomhaíochtaí incháilithe a rinneadh roimh scor an chláir oibríochtúil a aisghabháil in 2025 i gcás ina léireoidh an eagraíocht táirgeoirí nó an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí d'údarás inniúil an Bhallstáit gur scoradh an clár oibríochtúil sin ar chúiseanna a bhaineann le teagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha tromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 agus a bhí lasmuigh de rialú agus freagracht na heagraíochta táirgeoirí.

(13) Chun cobhsaíocht airgeadais na n-eagraíochtaí táirgeoirí a áirithiú, cúnamh airgeadais a fuarthas ón Aontas le haghaidh gealltanais ilbhliantúla in earnáil na nglasraí agus na dtorthaí, amhail gníomhaíochtaí comhshaoil, níor cheart an cúnamh airgeadais sin a aisghabháil agus a aisíoc leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), mar a fhoráiltear in Airteagal 36(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, i gcás nárbh fhéidir a gcuspóirí fadtéarmacha a bhaint amach toisc gur cuireadh isteach orthu in 2024 ar chúiseanna a bhaineann le hiarmhairtí theagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha tromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024.

(14) Ina theannta sin, i bhfianaise na ndeacrachtaí gan choinne atá roimh eagraíochtaí táirgeoirí sna limistéir a ndéantar difear dóibh de bharr theagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024, ba cheart solúbthacht áirithe a sholáthar don Spáinn agus do na heagraíochtaí táirgeoirí lena mbaineann i ndáil le ceanglais áirithe a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún ([5]), a leanann de bheith i bhfeidhm maidir le cláir oibríochtúla a chuirtear chun feidhme faoi na coinníollacha is infheidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i gcomhréir le hAirteagal 5(6), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2117 agus Airteagal 1, an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2532 ón gCoimisiún ([6]).

(15) De bhun Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, féadfar leis na hiarratais ar chabhair caiteachas a cláraíodh ach nár tabhaíodh a chumhdach murarbh fhéidir na hoibríochtaí lena mbaineann a dhéanamh faoin 31 Nollaig de bhliain cur chun feidhme an chláir oibríochtúil, ar chúiseanna lasmuigh d'fhreagracht na heagraíochta táirgeoirí lena mbaineann ach is féidir iad a dhéanamh faoin 30 Aibreán den bhliain tar éis na bliana a n-iarrtar an chabhair lena haghaidh, agus má fhanann ranníocaíocht choibhéiseach ón eagraíocht táirgeoirí sa chiste oibríochtúil. I bhfianaise theagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024, is iomchuí maolú ar Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, pointe (b), den Rialachán Cur Chun Feidhme sin agus foráil a dhéanamh go bhféadfar leis na hiarratais ar chabhair a cuireadh isteach faoin 15 Feabhra 2025 caiteachas a chumhdach le haghaidh oibríochtaí a cláraíodh le haghaidh na bliana 2024 ach nach ndearnadh faoin 31 Nollaig 2024, más féidir na hoibríochtaí sin a dhéanamh faoin 15 Lúnasa 2025. Ba cheart feidhm a bheith ag an sprioc-am céanna maidir leis an gceanglas cruthúnas ar chur chun feidhme an chaiteachais arna chlárú a sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 9(3), an dara fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892.

(16) Is fadhb shonrach í an staid fhoriomlán a bhfuil teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 mar chúis léi de réir bhrí Airteagal 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nach féidir aghaidh a thabhairt uirthi go héasca le bearta a dhéantar de bhun Airteagail 219 nó 220 den Rialachán sin. Níl baint shonrach ag an staid le suaitheadh uathúil sa mhargadh a sainaithníodh atá ann cheana ná le bagairt shonrach suaite. Níl baint aici ach oiread le bearta a ndéanfadh leathadh galar ainmhithe a chomhrac ná le laghdú ar mhuinín tomhaltóirí i ngeall ar rioscaí sláinte don phobal, d'ainmhithe nó do phlandaí.

(17) I bhfianaise an ghá le gníomhú láithreach agus le bearta a ghlacadh go práinneach chun éifeachtaí diúltacha tromchúiseacha theagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 ar eagraíochtaí táirgeoirí agus ar chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a mhaolú, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ós rud é go ndéantar a fhoráil le hAirteagal 222(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go mbeidh éifeacht ag na bearta ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ar feadh 12 mhí ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte (IO L 138, 25.5.2017, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/892/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2532 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 738/2010 agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, (AE) 2015/1368 agus (AE) 2016/1150 is infheidhme maidir le scéimeanna cabhrach in earnálacha talmhaíochta áirithe (IO L 328, 22.12.2022, lch. 80, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2532/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maoluithe sealadacha ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le torthaí agus glasraí

1. De mhaolú ar Airteagal 33(3), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, an teorainn aon trian den chaiteachas le haghaidh bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú faoin gclár oibríochtúil dá dtagraítear san fhoráil sin, ní bheidh feidhm aici maidir le cláir oibríochtúla a íoctar nó a chuirtear chun feidhme in 2025 i leith limistéir a shainaithníonn an Spáinn mar limistéir a ndéanann teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh.

2. An teorainn a leagtar síos in Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, beidh sí 70 % den chaiteachas iarbhír arna thabhú in 2024 agus 2025 le haghaidh cláir oibríochtúla a chuireann eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí chun feidhme, a sainaithníonn an Spáinn iad mar eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a ndéanann teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh.

Airteagal 2

Maoluithe sealadacha ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891

1. De mhaolú ar Airteagal 11(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, in 2025, féadfaidh eagraíocht táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a ndéanann teagmhais mhéitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh táirgí ó tháirgeoirí nach comhaltaí d'eagraíocht táirgeoirí ná de chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí iad a dhíol, gan beann ar luach eacnamaíoch na gníomhaíochta sin i gcomparáid le luach a táirgthe mhargaithe.

2. De mhaolú ar Airteagal 23(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, má thagann laghdú 35 % ar a laghad in 2024 agus 2025 ar luach táirge de bharr theagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 ar chúiseanna nach bhfuil faoi fhreagracht ná faoi rialú na heagraíochta táirgeoirí, measfar gurb éard atá i luach an táirgthe mhargaithe i gcás an táirge sin 100 % de mheánluach an táirgthe mhargaithe ar feadh na gcúig thréimhse tagartha 12 mhí roimhe sin, cé is moite de na luachanna is ísle agus is airde.

3. De mhaolú ar Airteagal 27(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, céatadáin uasta an chiste oibríochtúil a fhéadfar a chaitheamh ar aon bheart aonair nó ar aon chineál gníomhaíochta, mar a leagtar amach sa straitéis náisiúnta a bhunaigh an Spáinn de bhun Airteagal 27 den Rialachán Tarmligthe sin, ní bheidh feidhm acu maidir le cláir oibríochtúla a chuireann eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí chun feidhme, ar eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí iad a ndéanann teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh.

4. In 2025, na hoibleagáidí atá ar an Spáinn agus ar eagraíochtaí táirgeoirí a mhéid a bhaineann le tíolacadh agus formheas leasuithe ar chláir oibríochtúla a leagtar síos in Airteagal 34(1) agus in Airteagal 34(2), an chéad fhomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, ní bheidh feidhm acu maidir leis an Spáinn ná le heagraíochtaí táirgeoirí ná comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a ndéanann teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh.

5. De mhaolú ar Airteagal 34(2), an dara fomhír, pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a ndéanann teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 difear dóibh, údarófar dóibh a gcláir oibríochtúla a leasú chun an ciste oibríochtúil a bhí formheasta ar dtús a mhéadú nó a laghdú gan údarú a fháil roimh ré ón Spáinn. An céatadán uasta a leagtar síos in Airteagal 34(2), an dara fomhír, pointe (c), den Rialachán Tarmligthe sin nó aon chéatadán eile a shocraigh an Spáinn, ní bheidh feidhm acu maidir leis na leasuithe sin.

6. In 2025, ní aisghabhfar cabhair a fuarthas le haghaidh gníomhaíochtaí incháilithe a rinneadh roimh scor an chláir oibríochtúil, fiú mura gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 36(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, ar choinníoll go raibh scor an chláir oibríochtúil nasctha le teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 agus gur scoireadh an clár ar chúiseanna nach dtagann faoi rialú ná freagracht na heagraíochta táirgeoirí lena mbaineann.

7. De mhaolú ar Airteagal 36(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, ní dhéanfar cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh gealltanais ilbhliantúla a aisghabháil agus a aisíoc le CERT i gcás nach féidir cuspóirí fadtéarmacha na ngealltanas sin agus sochair na ngealltanas sin a bhfuil coinne leo a bhaint amach toisc gur cuireadh isteach ar chur chun feidhme na ngealltanas sin in 2024 ar chúiseanna nasctha le teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024.

8. Tabharfaidh na heagraíochtaí táirgeoirí cruthúnas d'údarás inniúil na Spáinne lena mbaineann go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 1 go 7 á gcomhlíonadh.

Airteagal 3

Maoluithe sealadacha ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892

1. De mhaolú ar Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, is é an 15 Lúnasa 2025 an sprioc-am chun oibríochtaí a dhéanamh nárbh fhéidir a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2024 de bharr teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 agus a chumhdaítear mar chaiteachas arna chlárú leis na hiarratais ar chabhair a chuireann eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí isteach.

2. I gcás ina mbaineann eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí úsáid as an maolú dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, is é an 15 Lúnasa 2025 an sprioc-am chun cruthúnas ar chur chun feidhme an chaiteachais arna chlárú a sholáthar, dá dtagraítear in Airteagal 9(3), an dara fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 27 Bealtaine 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN